Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Iúil 2021
(OR. en)

10745/21
ADD 4

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0203(COD)**

ENER 322
ENV 510
TRANS 468
ECOFIN 730
RECH 349
CLIMA 188
IND 197
COMPET 551
CONSOM 163
IA 132
CODEC 1073

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Iúil 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 624 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 624 final.

Faoi iamh: SWD(2021) 624 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.7.2021
SWD(2021) 624 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (athmhúnlú)**

{COM(2021) 558 final} - {SEC(2021) 558 final} - {SWD(2021) 623 final} - {SWD(2021) 625 final} - {SWD(2021) 626 final} - {SWD(2021) 627 final}

| A. An gá atá le beart |
|---|
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Faoi láthair, tá sprioc coigilte fuinnimh de 32.5 % ar a laghad ag an Aontas Eorpach in 2030, sprioc atá comhoiriúnach le laghdú 40 % ar ghás ceaptha teasa (GCT). Moltar sa Phlean um Sprioc Aeráide sprioc AE do 2030 go ndéanfaí glanlaghdú de 55 % ar a laghad ar ghás ceaptha teasa i gcomparáid le leibhéil 1990 ar bhealach costéifeachtach. Chun é sin a bhaint amach, ba cheart tomhaltas deiridh fuinnimh agus tomhaltas príomhúil fuinnimh an Aontais Eorpaigh a laghdú ar a laghad 36-37 % agus 39-41 % faoi seach i gcomparáid leis an úsáid réamh-mheasta fuinnimh.<br>De bhrí gur dóchán breosla le haghaidh fuinnimh is cúis le 75 % d'astaíochtaí GCT reatha an Aontais Eorpaigh, is gné ríthábhachtach é úsáid fuinnimh a laghdú, chomh maith le soláthar fuinnimh a dhícharbónú chun sprioc an Aontais Eorpaigh a bhaint amach. Scrúdaíodh sa Phlean um Sprioc Aeráide na bearta leathana chun laghdú 55 % ar ghás ceaptha teasa a bhaint amach in 2030. Faoi láthair, ní leor iarrachtaí coigilte fuinnimh an Aontais Eorpaigh chun sprioc GCT 2030 a bhaint amach ar an mbealach is fearr agus mar sin an fhadhb atá ann ná conas iad a neartú. Tá sé tábhachtach don Aontas Eorpach a léiriú go bhfuil sé indéanta agus inmhianaithe beart a dhéanamh chun a astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip ar an mbealach is costéifeachtaí. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Fágann an coigilteas fuinnimh méadaithe atá de dhíth gur cheart an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a threisiú. Áiritheofar leis sin, chomh maith le reachtaíocht eile de chuid an Aontais Eorpaigh, go bhfuil coigilteas fuinnimh leordhóthanach ann chun sprioc aeráide an Aontais Eorpaigh i gcomhair 2030 a bhaint amach go costéifeachtach. Ba cheart an coigilteas fuinnimh a bhaint amach sna hearnálacha is ciallmhaire ó dhearcadh eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil de. Ba cheart barr feabhais a chur ar na tairbhí indíreacha, mar shampla orthu sin a thagann as tionchair laghdaithe ar an gcomhshaol agus as éagothroime ghéaraithe a sheachaint. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh (coimhdeacht)?** |
| Sainaithnítear leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh gurb é ceann d'aidhmeanna bheartas fuinnimh an Aontais Eorpaigh éifeachtúlacht fuinnimh agus coigilteas fuinnimh a chur chun cinn. Is iad na bunfhadhbanna céanna is cúis leis an easnamh i gcoigilteas fuinnimh ar fud an Aontais Eorpaigh. Trí bheart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, féadfar iarrachtaí Ballstát a chumasú agus a fheabhsú agus cur chuige níos comhordaithe agus níos comhchuibhithe a áirithiú, rud a sheachnóidh saobhadh sa mhargadh aonair. Beidh sé ina chuidiú chun margaí níos mó a chruthú le haghaidh ábhair agus táirgí a chuidíonn le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Is léir ó thaithí go laghdaítear costais le creat comhchoiteann AE, go méadaítear na sochair ón margadh inmheánach agus go gcuirtear ar a gcumas do lucht déanta beartas náisiúnta a bheith ag foghlaim óna chéile. Tá bearta an Aontais Eorpaigh ina gcomhlánú éifeachtach ar bhearta náisiúnta agus ina spreagadh éifeachtach dóibh. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?** |
| An príomhshásra chun na cuspóirí a bhaint amach ná trí sprioc coigilte fuinnimh fhoriomlán an Aontais Eorpaigh a mhéadú agus éifeacht cheangailteach na sprice sin a mhéadú. Is féidir é sin a fhorlíonadh le ceanglais shonracha a bhfuil coigilteas fuinnimh mar thoradh orthu, mar shampla na bearta a bhaineann le soláthar earnála poiblí agus athchóiriú foirgneamh a leathnú, agus uaillmhian na n-oibleagáidí maidir le coigilteas fuinnimh a mhéadú. Is gá an raon leathan beart cumasúcháin agus tacaíochta a neartú agus a fheabhsú chun timpeallacht a chruthú ina bhfuil sé |

níos fusa éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus coigilteas fuinnimh a bhaint amach. Is gá measúnú a dhéanamh ar na roghanna chun a gcomhleanúnachas a áirithiú le bearta eile atá á moladh mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55'.

**Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?**

Aontaíonn formhór mór na bpáirtithe leasmhara go bhfuil ról lárnach ag beartais éifeachtúlachta fuinnimh i dtaca le huaillmhian aeráide níos airde do 2030 a bhaint amach, agus fás inbhuanaithe a cheadú freisin nach bhfágann aon duine ar lár. Níl siad ar aon intinn, ar bhealach, faoi na bearta is iomchuí chun é sin a bhaint amach, ach níl aon difear suaithinseach ann i dtaobh na gcuspóirí deiridh.

Tá beagnach leath acu i bhfabhar sprioc AE níos airde agus tacaíonn breis is leath acu leis an sprioc sin a bheith ceangailteach. Tacaíonn timpeall leath acu le spriocanna ceangailteacha náisiúnta. Tá éagsúlacht mheasartha sna tuairimí maidir le raon na roghanna a sainaithníodh. Go ginearálta, tá an tsochaí shibhialta níos dearfaí faoina bhféadfadh a bheith i gceist leis na bearta molta. In an-chuid cásanna, tá an earnáil gnó measartha tacúil. Is cosúil go bhfuil cur chuige níos cúramaí ag údaráis phoiblí.

**C. Tionchar na rogha tosaíochta**

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Is éard atá i gceist leis an rogha thosaíochta pacáiste lena mbaintear amach ardleibhéal coigiltis fuinnimh ar bhealach costéifeachtach, agus lena seachnaítear na roghanna is troime a breithníodh.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Is iad na príomhchostais na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh chun go méadófar éifeachtúlacht fuinnimh. Meastar go mbeidh ról ríthábhachtach ag tacaíocht airgeadais ó NextGenerationEU agus ó fhoinsí poiblí eile maidir le hinfheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a ghlacadh. Breithnítear costais chaipitil le haghaidh trealamh atá níos tíosaí ar fhuinneamh agus le haghaidh foirgnimh a iarfheistiú.

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

Ní mheastar go mbeidh tionchar mór ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Tá féidearthachtaí móra ann coigilteas fuinnimh costéifeachtach a dhéanamh i seirbhísí agus in earnáil na tionsclaíochta nach mbeidh ardú foriomlán i gcostais mar thoradh air. Má chuirtear iad sin chun feidhme, ba cheart go laghdófaí neamhchosaint na hearnála gnó ar luaineacht i bpraghas fuinnimh agus a bhuí freisin le costais laghdaithe oibriúcháin, ba cheart go bhfeabhsófaí iomaíochas na hearnála gnó.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Tá costais chur chun feidhme ag baint leis an rogha thosaíochta le haghaidh riaracháin phoiblí, fiú má thógann siad sin ar bhearta atá ann cheana. Bíodh sin mar atá, meastar go mbeidh na costais bhreise sin beag i gcomparáid leis an gcoigilteas costais substaintiúil a bhainfear amach trí infheistíochtaí coigilte fuinnimh. Airgead nach gcaitear ar fhuinneamh, bainfear úsáid as chun críocha eile, agus beidh borradh i bhfostaíocht agus i ngníomhaíocht eacnamaíoch mar thoradh air.

D'fhéadfadh sé go mbeadh éagsúlacht idir na costais sin, ag brath ar an mbealach a roghnaíonn na Ballstáit na ceanglais a chur chun feidhme. Soláthraítear le Gníomhaíocht Chomhbheartaithe na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh fóram do Bhallstáit chun dea-chleachtas a roinnt agus chun bealaí éifeachtacha a shainaithint chun na cuspóirí inmhianaithe a bhaint amach. Tá an Coimisiún réidh chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil do Bhallstáit le cúnamh teicniúil.

| An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist? |
| --- |
| Beidh buntáistí móra comhshaoil ann mar gheall ar úsáid fuinnimh a laghdú, go háirithe ó aerthruailliú laghdaithe. Beidh buntáistí eile comhshaoil ann freisin, mar shampla, astaíochtaí laghdaithe san uisce ó stáisiúin chumhachta agus damáiste laghdaithe don chomhshaol mar gheall ar ghá laghdaithe le haghaidh bonneagair agus eastóscadh laghdaithe acmhainní. Laghdaíonn sé tomhaltas acmhainní agus cuireann sé leis an ngeilleagar ciorclach ar bhealach dearfach.<br>Chomh maith leis sin, ísleoidh riachtanais fuinnimh laghdaithe spleáchas an Aontais Eorpaigh ar allmhairithe fuinnimh agus luaineacht gheopholaitiúil, rud a bheidh ina chuidiú chun an geilleagar a chosaint ar shuaitheadh seachtrach de bharr praghsanna fuinnimh.<br>Beidh buntáistí tábhachtacha sóisialta mar thoradh air freisin, a bhuí le bearta dea-cheaptha. Mar shampla, beidh dálaí maireachtála agus sláinte níos fearr ann chomh maith le caiteachas níos ísle ar fhuinneamh mar thoradh ar uasghrádú fuinnimh tithíochta. Bíonn ardleibhéal cruthú fostaíochta ann mar thoradh ar bhearta coigilte fuinnimh. |
| **Comhréireacht?** |
| Urramaítear prionsabal na comhréireachta go hiomlán. Is iad na bearta a moladh an t-íosmhéid atá de dhíth chun na spriocanna sin a bhaint amach atá ríthábhachtach chun sprioc aeráide an Aontais Eorpaigh i gcomhair 2030 a bhaint amach. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh gach 5 bliana ar chur chun feidhme na reachtaíochta chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a baineadh amach na cuspóirí beartais. |